C/2024/6832

29.11.2024

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2024

maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na Slóvaice

(C/2024/6832)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ([1]) ón gComhairle , agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú ([2]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Cuireann an tSaoráid tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus cruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.
([2]) IO L 306, 23.11.2011, lch. 25, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj.
([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).
([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

acmhainneachtaí stórála agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an tSlóvaic caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an teachtaireacht an t-iomaíochas a bhunú i dtaca le naoi spreagthach a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad an rochtain ar chaipiteal príobháideach, an taighde agus an nuálaíocht, an t-oideachas agus na scileanna, agus margadh aonair feidhmiúil na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024'. Déantar cur síos sa teachtaireacht sin ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha den mhargadh aonair Eorpach, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2024 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh freisin, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an tSlóvaic ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí difear a dhéanamh di, nó a bhféadfadh baol a bheith ann go ndéanfaidís difear di, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An 16 Eanáir 2024 ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na Slóvaice 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2024 lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([5]) ('Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro) an 12 Aibreán 2024 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 11 Márta 2024.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Áirítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus faireachas buiséadach iltaobhach, Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ([6]) ón gComhairle arna leasú maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air, agus Treoir 2011/85/AE ([7]) arna leasú maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát. Is iad cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch nua airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Cuireann an creat rialachais eacnamaíoch nua úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ní mór do gach Ballstát plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. I bplean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta, tá na gealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta a thug Ballstát, lena gcumhdaítear tréimhse phleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([8]) sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt faoi bhun luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha tagartha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóiriúcháin agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, is féidir síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta sin, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht an 21 Meitheamh 2024 maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit ina bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta agus ina dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn. I gcomhréir le hAirteagail 5 agus 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, tharchuir an Coimisiún conairí tagartha agus faisnéis theicniúil chuig na Ballstáit, i gcás inarbh infheidhme. Ní mór do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura

([5]) Moladh (AE) ón gComhairle an 12 Aibreán 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2024/2807, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2807/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 209, 2.8.1997, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1467/oj).

([7]) Treoir 2011/85/AE ón gComhairle an 8 Samhain 2011 maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L 306, 23.11.2011, lch. 41, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/85/oj).

([8]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan (i) ar úschaiteachas, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an tAontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

gcomhaontóidh an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. I gcomhréir lena gcreataí dlíthiúla náisiúnta, féadfaidh na Ballstáit a ndréachtphleananna meántéarmacha a phlé lena bparlaimintí náisiúnta, féadfaidh siad a iarraidh ar na hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha tuairim a eisiúint, agus féadfaidh siad comhairliúchán a dhéanamh leis na comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí náisiúnta eile.

(6) In 2024, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 29 Aibreán 2021, chuir an tSlóvaic a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice ([9]), a leasaíodh an 14 Iúil 2023 de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun caibidil REPowerEU a chur san áireamh ([10]). Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, ina sonraítear go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle comhlíonta go sásúil ag an tSlóvaic. Ní féidir comhlíonadh sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 24 Aibreán 2024, thíolaic an tSlóvaic a Clár Náisiúnta 2024 um Athchóiriú agus thíolaic sí a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([11]). I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta 2024 um Athchóiriú ar thuairisciú leathbhliantúil na Slóvaice maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) An 19 Meitheamh 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 don tSlóvaic. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Slóvaice ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, nó nár tugadh aghaidh orthu ann ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Slóvaice ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an tSlóvaic faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na Slóvaice, foilsíodh iad i mí an Mhárta 2024. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa tSlóvaic. Go háirithe, tá leochaileachtaí sa tSlóvaic a bhaineann le hiomaíochas costais, comhardú seachtrach, an margadh tithíochta agus fiachas teaghlaigh atá fós ann in ainneoin roinnt feabhsuithe le déanaí, agus níor tugadh faoi aon bheart. Bhí an tSlóvaic faoi réir grinn-athbhreithnithe in 2023, agus measadh nach ionann a leochaileachtaí agus míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha toisc go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh maolú orthu sa mheántéarma. Tá maolú tagtha ar na leochaileachtaí sin, ach ní chomh tapa agus a raibh coinne leis bliain ó shin. Thairis sin, is cosúil go bhfuil na feabhsuithe thimthriallach, agus na leochaileachtaí struchtúracha daingnithe, agus bearta in easnamh. Tháinig feabhas ar an easnamh mór sa chuntas reatha an bhliain seo caite, ach tá coinne leis go bhfanfaidh sé de bheith diúltach, rud a chiallóidh go leanfaidh an staid ghlan infheistíochta idirnáisiúnta de bheith an-diúltach. Tá an croíbhoilsciú níos seasmhaí ná mar a bhí coinne leis ach d'fhan sé os cionn mheán an limistéir euro, agus tá costais aonaid saothair ag fás níos mó ná mar atá siad i dtíortha is comhpháirtithe trádála. Ní mheastar go dtiocfaidh laghdú suntasach ar na brúnna suntasacha praghsanna agus costais sin i mbliana nó an bhliain seo chugainn, rud a d'fhéadfadh bac a chur ar fheabhsuithe san iomaíochas agus sa chomhardú trádála. Tá méadú tagtha ar an iasachtaíocht teaghlaigh le roinnt blianta anuas, agus tháinig moill uirthi in 2023 le linn laghdaithe sa chreidmheas

([9]) ST 10156/21; ST 10156/21 ADD 1).

([10]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don tSlóvaic (ST 11205 23 INIT; ST 11205/23 ADD 1.

([11]) Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/1466/oj).

morgáiste. Tá praghsanna tithíochta tar éis titim, ach tá róluacháil orthu fós agus meastar go rachaidh siad in airde arís ós rud é go bhfuil an soláthar tithíochta fós teoranta. Cuireann idirghabhálacha beartais leis an éileamh ar thithíocht, amhail na liúntais morgáiste a tógadh isteach le déanaí, ar idirghabhálacha iad atá costasach go fioscach agus lena gcuirtear bac ar tharchur beartais airgeadaíochta. Cuireadh moill ar an gcoigeartú fioscach, agus meastar go rachaidh an t-easnamh ard rialtais in olcas i mbliana, agus go n-ardóidh chóimheas an fhiachais rialtais ghinearálta-OTI beagán in 2024 agus 2025 in ainneoin fás tacúil OTI, rud a chuirfidh brú aníos ar an éileamh intíre. Ar an iomlán, níor leor na bearta go dtí seo chun aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí a sainaithníodh, rud a chuireann lena ndaingniú. Le coigeartú fioscach, chuideofaí leis an gcroíbhoilsciú a laghdú agus leis an staid sheachtrach a neartú, agus le harduithe i bhfiachas an rialtais a chosc; ba cheart go mbeidh seoladh an nóis imeachta um easnamh iomarcach ina chloch bhoinn ag coigeartú mar sin. Tá gá le gníomhaíocht freisin chun iomaíochas faoi phraghsanna agus iomaíochas nach iomaíochas faoi phraghsanna é a fheabhsú agus chun rioscaí a bhaineann leis an margadh tithíochta agus carnadh fiachais teaghlaigh a laghdú, lena n-áirítear trí mhargadh tithíochta feidhmiúil a fhorbairt.

(11) Bunaithe ar shonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Slóvaice ó 1,7 % de OTI in 2022 go 4,9 % in 2023, agus thit an fiachas rialtais ghinearálta ó 57,7 % de OTI ag deireadh 2022 go 56,0 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2023 dar teideal 'Treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024', tá an chéad chéim á tabhairt ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh a oscailt in earrach 2024, ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann cheana. An 19 Meitheamh 2024, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid bhuiséadach na Slóvaice, ós rud é, in 2023, gur sháraigh a heasnamh rialtais ghinearálta luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna leagan amach de bhun Airteagal 126(4) den Chonradh a mheas, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh i mí Iúil 2024 go gcuirfí tús le nós imeachta um easnamh iomarcach don tSlóvaic, trína mholadh don Chomhairle cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 126(6) den Chonradh lena suítear gur ann d'easnamh iomarcach sa tSlóvaic.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ngníomhódh ([12]) an tSlóvaic chun beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh ([13]), agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, mhol an Chomhairle don tSlóvaic a bheith ar tinneall chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag athrú. Mhol sí don tSlóvaic freisin infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus le haghaidh na slándála fuinnimh a leathnú, agus tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach ([14]) forleathnaitheach, faoi 6,1 % de OTI, i gcomhthéacs boilsciú ard. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh ranníocaíocht fhorleathnaitheach 3,8 % de OTI leis an staid fhioscach. Áirítear leis sin laghdú 0,2 % de OTI ar chostas na mbeart tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí ó thaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, mar aon le laghdú 0,1 % de OTI ar chostas níos airde chun cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin. Dá bhrí sin, ní raibh ranníocaíocht fhorleathnaitheach an ghlanchaiteachais reatha phríomha a mhaoinítear go náisiúnta de bhreis ar an bhfás aschuir ionchasach meántéarmach de thoradh na tacaíochta éigeandála spriocdhírithe do na teaghlaigh agus na gnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh, agus an tacaíocht a tugadh do dhaoine a bhí ag teitheadh ón Úcráin. Bearta éigeandála fuinnimh neamhspriocdhírithe, méaduithe buana ar phá na hearnála poiblí agus ar shochair shóisialta, caiteachas níos airde ar an gcúram sláinte agus an laghdú ar rátaí CBL le haghaidh earraí áirithe, ba iad ba chúis leis an bhfás forleathnaitheach ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Mar achoimre, ní raibh fás an chaiteachais reatha phríomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2023 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais 3,2 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 3,2 % de OTI in 2023, is é sin méadú bliantúil 0,8 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an tSlóvaic infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Mhaoinigh sí infheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le

([12]) Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Slóvaice agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Slóvaice (IO C 334, 1.9.2022, lch. 205).

([13]) Ar bhonn réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 12,4 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach sa tSlóvaic in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

([14]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais. Léiríonn comhartha diúltach ar an táscaire beartas fioscach forleathnaitheach ach léiríonn comhartha dearfach ar an táscaire beartas fioscach crapthach.

haghaidh na slándála fuinnimh, amhail infheistíochtaí sa bhonneagar fuinnimh agus san iompar le hastaíochtaí nialasacha agus éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh. Cistítear an infheistíocht phoiblí sin go páirteach leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(13) I gClár Cobhsaíochta 2024, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tá sé beartaithe go bhfásfaidh an fíor-OTI 2,0 % in 2024 agus 3,1 % in 2025, agus tá sé beartaithe gurb éard a bheidh i mboilsciú arna thomhas leis an innéacs comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (ICPT) 3,2 % in 2024 agus 4.4 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 5,9 % de OTI in 2024 agus go laghdóidh sé go 5,4 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 58,6 % faoi dheireadh 2024 agus go 59,8 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go 5,2 % de OTI in 2026, agus go dtiocfaidh méadú air go 5,5 % in 2027. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go bhfillfidh an comhardú rialtais ghinearálta faoi bhun luach tagartha easnaimh an Chonartha de 3 % de OTI thar thréimhse an chláir. Dá bhrí sin réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú, tar éis 2025, ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI go 63,6 % in 2026 agus 67,8 % in 2027.

(14) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 2,2 % in 2024 agus 2,9 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú arna thomhas le ICPTag 3,1 % in 2024 agus 3,6 % in 2025.

(15) Tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún barrachas rialtais de 5,9 % de OTI in 2024, agus tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 58,5 % faoi dheireadh 2024. Den chuid is mó léiríonn an méadú ar an easnamh in 2024 gur leanadh de na bearta tacaíochta do phraghsanna fuinnimh atá ann faoi láthair agus bearta úra lena méadaítear an caiteachas, amhail méadú buan sa 13ú íocaíocht pinsin, caiteachas níos airde ar an gcúram sláinte, Roinn nua Turasóireachta agus Spóirt a chruthú, leasú ar an Acht Oideachais lenar tugadh isteach an ceart chun iontráil i naíonraí do leanaí os cionn 3 bliana d'aois agus lena bhfeabhsaítear cearta leanaí a bhfuil riachtanais oideachas speisialta acu, agus tabhairt isteach conarthaí feidhmíochtbhunaithe in ollscoileanna poiblí. De réir mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach ag 1,4 % de OTI in 2024.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ar fiú 1,2 % de OTI é le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') faoin tSaoráid in 2024, i gcomparáid le 0,5 % de OTI in 2023, de réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas arna mhaoiniú le deontais faoin tSaoráid, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú nó fiachas rialtais ghinearálta na Slóvaice.

(17) An 14 Iúil 2023, mhol an Chomhairle ([15]) don tSlóvaic beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn nach mó ná 5,7 % a chur leis an méadú ainmniúil ar ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta ([16]) in 2024. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a ndréachtphleananna buiséadacha do 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach easnamh-bhunaithe, de bhun na sonraí olltoraidh do 2023. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 6,2 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na Slóvaice a mhaoinítear go náisiúnta in 2024, méid atá os cionn an uasráta fáis a mholtar. An caiteachas breise sin os cionn an ráta fáis uasta a mholtar sa ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta, comhfhreagraíonn sé do 0,2 % de OTI in 2024. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don tSlóvaic gníomhú chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Mhol an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don tSlóvaic a áirithiú go mbeidh na bearta tacaíochta sin dírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí coigilteas fuinnimh. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gur 2,1 % de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach ([17]) na mbeart tacaíochta éigeandála fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gur 0,4 % a bheidh i gceist in 2024, agus 0,0 % in 2025. Go háirithe, glactar leis go bhfanfaidh caidhp ar phraghsanna gáis do theaghlaigh i bhfeidhm in 2024. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as

([15]) Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na Slóvaice um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na Slóvaice 2023 (IO C 312, 1.9.2023, lch. 233).

([16]) Sainmhínítear glanchaiteachas príomha mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

([17]) Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 1,7 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear ranníocaíocht chrapthach ó ghlanchaiteachas príomhúil ([18]) a mhaoinítear go náisiúnta leis an staid fhioscach 0,2 % de OTI sa bhliain sin. Ní mheastar go ndéanfar na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Thairis sin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá riosca ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle ach an oiread. Meastar gur 0,0 % de OTI in 2024 (0,0 % in 2023) glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta fuinnimh atá spriocdhírithe ar theaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha a chosaint.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle don tSlóvaic freisin infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus cistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú uirthi ó 3,2 % de OTI in 2023 go 3,0 % de OTI in 2024. Is é is cúis leis an laghdú sin deireadh chlárthréimhse 2014-2020 de chistí struchtúracha an Aontais, a raibh cistí ar fáil ina leith go dtí 2023. Tá sé sin amhlaidh freisin mar gheall ar sheachadadh trealaimh mhíleata a cuireadh siar go dtí 2025. Agus na tosca breise sin á gcur san áireamh, meastar go bhfuil an infheistíocht phoiblí in 2024 i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go dtiocfaidh laghdú air ó 3,2 % de OTI in 2023 go 2,0 % de OTI in 2024. Is é is cúis leis an laghdú sin deireadh chlárthréimhse 2014-2020 de chistí struchtúracha an Aontais, a raibh cistí ar fáil ina leith go dtí 2023.

(20) De bhun bearta beartais a bhfuiltear ar an eolas fúthu ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn go dtuigtear nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i réamhaisnéis earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 5,4 % de OTI in 2025. Den chuid is mó léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 ioncam níos láidre de bharr OTI ainmniúil níos airde, de dheasca boilsciú níos láidre. Tá an cóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI le méadú go 59,9 % ag deireadh 2025. Ba cheart don bheartas fioscach stuama rannchuidiú leis an gcroíbhoilsciú a laghdú, ráta atá i bhfad os cionn mheán an limistéir euro agus a d'fhéadfadh caillteanais iomaíochais a bheith mar thoradh air má leanann sé ar aghaidh, agus ba cheart dó rannchuidiú leis an staid sheachtrach a neartú.

(21) D'fhéadfadh córas cánach na Slóvaice leas a bhaint as meascán cánach lena gcothaítear fás chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a neartú, agus cosaint an chomhshaoil agus inbhuanaitheacht fhioscach á gcur chun cinn agus cothroime á feabhsú. Faoi láthair, tá cáin ar an ioncam saothair mar chéatadán de chánacha iomlána ar an gcúigiú leibhéal is airde san Aontas, ar 52,4 %. Tá ding chánach sách ard ag an tSlóvaic do dhaoine ar ioncam níos ísle, lena ndíspreagtar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, i gcomhthéacs ina bhfuil cánachas ar an ioncam saothair níos aischéimnithí ná meán an Aontais. Bearna mhór chánach agus bearna i ranníocaíochtaí sóisialta agus íocaíochtaí éigeantacha neamhchánach idir fostaithe agus daoine féinfhostaithe, bíonn tionchar diúltach acu ar ioncam poiblí agus ar choinníollacha oibre, rud a fhágann go bhfuil an ráta is airde de dhaoine féinfhostaithe a léiríonn spleáchas san Aontas sa tír. Sa tSlóvaic, tá ioncam ó chánacha réadmhaoine reatha athfhillteacha ar cúl i gcomparáid leis an gcuid eile den Aontas, ar 0,4 % de OTI i gcomparáid le meán an Aontais, 1 %. Eascraíonn an neamhréir sin as córas cánachais limistéarbhunaithe na Slóvaice, ina ndéantar cánacha a ríomh bhunaithe ar achar na réadmhaoine seachas an luach margaidh, rud as a n-eascraíonn ioncaim chánach mharbhánta, agus tá ardú tagtha ar phraghsanna tithíochta le roinnt blianta anuas. I réimse an chánachais comhshaoil, d'éirigh go han-mhaith leis an tSlóvaic in 2022, agus í os cionn mheán an Aontais i ndáil le cánacha comhshaoil, i gcoibhneas le OTI agus mar scair den chánachas iomlán araon. Ioncam láidir ó cháin fuinnimh ag eascairt as bonn cánach is mó ba chúis leis sin, áfach. Ar an lámh eile, bhí ioncam ó chánacha ar iompar, ar thruailliú agus ar acmhainní faoi bhun mheán an Aontais, rud a thugann le fios go bhfuil deis ann cur i bhfeidhm an phrionsabail 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a fheabhsú. D'ainneoin feabhsuithe le roinnt blianta anuas, tá an bhearna chomhlíontachta CBL fós os cionn mheán an Aontais. Bhí an tSlóvaic in ann é a laghdú go suntasach idir 2010 agus 2021, áfach, i ngeall ar an tuairisciú éigeantach ar gach idirbheart intíre agus laistigh den Aontas a tugadh isteach ó 2014 ar aghaidh, mar aon le cur i bhfeidhm níos leithne an tsásra aistrithe muirir. Is féidir ioncaim phoiblí a mhéadú agus tacú leis an inbhuanaitheacht fhioscach le gníomhaíocht chun an chórais cánachais, an chórais ranníocaíochta sóisialta agus an chórais íocaíochtaí riachtanacha neamhchánach a chuíchóiriú, mar aon le bearta chun costais riaracháin agus comhlíonta a laghdú. Le blianta beaga anuas, tá roinnt bearta neamhdhírithe glactha ag an tSlóvaic a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith acu, mar shampla, ar phraghsanna tithíochta agus iomaíochas praghsanna, rud a chruthaíonn dáileadh míchothrom acmhainní freisin. Ina theannta sin, cuirtear bac ar na coigiltis sainaitheanta a d'fhéadfadh dul chun tairbhe airgeadais phoiblí mar gheall ar chur i bhfeidhm neamhleordhóthanach na n-athbhreithnithe caiteachais reatha sa phróiseas buiséadach. Thairis sin, le tuilleadh feabhsuithe i ndigitiú an

([18]) Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

riaracháin chánach, go háirithe i ndáil le ríomhshonrascadh agus tuairisceáin chánach réamhlíonta, d'fhéadfaí na bearnaí sa chóras cánachais a laghdú a thuilleadh agus comhlíontacht cánach a dhéanamh níos éasca agus níos saoire.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Slóvaice leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean téarnaimh agus athléimneachta a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don tSlóvaic leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha agus rialachas éifeachtach agus cumas láidir riaracháin á n-áirithiú san am céanna. Tá roinnt dúshláin os comhair na Slóvaice atá ag cur bac ar chur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta, agus tá baol ann nach gcuirfear roinnt tionscadal mórinfheistíochta chun feidhme. Tá moill ag teacht ar chur chun feidhme infheistíochtaí, go hairithe i réimse an chúraim sláinte, réimse na n-athchóirithe foirgneamh, réimse dhícharbónú na tionsclaíochta, réimse chosaint an dúlra agus réimse na bainistíochta uisce. Tá roinnt athchóirithe atá ar siúl faoi láthair nach bhfuil ag dul chun cinn mar a beartaíodh, mar shampla i réimse na bainistíochta tírdhreacha, agus d'fhéadfadh bacainní breise eascairt astu. Tá riarachán poiblí na Slóvaice buailte ag éifeachtacht struchtúrtha íseal agus easpa acmhainneachta riaracháin ar leibhéil éagsúla rialtais maidir le hathchóirithe agus infheistíochtaí casta a chur chun feidhme. Tá bacainní eile ann a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu fós, a bhaineann, mar shampla, leis an soláthar poiblí agus nósanna imeachta fadálacha ceadaithe, lena gcruthaítear moilleanna substaintiúla. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar na cláir beartais comhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([19]), tá sé de cheangal ar an tSlóvaic gach clár a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE +), ón gCiste Comhtháthaithe agus ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Tá dul chun cinn déanta ag an tSlóvaic maidir leis na cláir beartais comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, ach tá éagothromaíochtaí suntasacha réigiúnacha ó thaobh na forbartha eacnamaíche agus sóisialta fós ann idir réigiún na príomhchathrach agus na réigiúin eile. Tá sé tábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe agus leanúint de na tosaíochtaí a aontaíodh sna cláir sin agus atá fós ábhartha a chur chun feidhme. Go háirithe, tá sé tábhachtach acmhainneacht riaracháin na n-údarás áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta a neartú, agus úinéireacht agus rannpháirtíocht a fheabhsú, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht níos láidre ó pháirtithe leasmhara na sochaí sibhialta. Beidh iarracht fós de dhíth chun cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch na Romach imeallaithe a fheabhsú, tríd a gcuid coinníollacha maireachtála a fheabhsú, deimhin a dhéanamh de go bhfuil rochtain acu ar oideachas agus oiliúint neamhscartha ar ardcháilíocht agus tacú lena gcomhtháthú sa mhargadh saothair. San am céanna, is gá na hinfheistíochtaí beartaithe sa bhonneagar uisce óil agus fuíolluisce a chríochnú. Ina theannta sin, tá tábhacht ar leith ag baint le hinfheistíochtaí beartaithe sa gheilleagar ciorclach, i mbainistiú dramhaíola agus in éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr i bhfoirgnimh phoiblí agus chónaithe i ndáil leis an aistriú glas. Tá sé chomh tábhachtach céanna tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i ndáil le foinsí in-athnuaite fuinnimh a fhorbairt agus an geilleagar a dhícharbónú. Is gá beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a neartú chun dífhostaíocht fhadtéarmach a chomhrac. Maidir leis an méid sin, tá tábhacht ar leith ag baint le scéimeanna éifeachtacha ath-scilithe agus foghlama do dhaoine fásta. Ar deireadh, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear oideachas agus cúram luath-óige atá inacmhainne agus d'ardcháilíocht ar fáil do leanaí faoi 3 bliana d'aois chun an comhionannas inscne a fheabhsú sa mhargadh saothair agus sa tsochaí.

(24) I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar na cláir beartais comhtháthaithe, is fiú tuilleadh aird a thabhairt ar na deiseanna atá ann borradh a chur faoin infheistíocht in úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, go háirithe ós rud é go bhfuil riaráiste infheistíochtaí sa réimse sin ó bhí an chlárthréimhse dheireanach ann. D'fhéadfadh an tSlóvaic úsáid a bhaint freisin as an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip, arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([20]), i réimsí na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na

([19]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

([20]) Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.204, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

nuálaíochta sa theicneolaíocht dhomhain, i réimse na dteicneolaíochtaí glana atá tíosach ar acmhainní agus i réimse na biteicneolaíochta chun tacú le claochlú na tionsclaíochta.

(25) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, tá roinnt dúshlán breise le sárú ag an tSlóvaic i ndáil leis an gcreat breithiúnach agus frithéillithe, an easpa trédhearcachta agus iomaíochta i nós imeachta soláthair phoiblí, an margadh saothair, foghlaim neamhleordhóthanach scileanna bunúsacha, an easpa cuimsithe agus na rátaí clárúcháin ísle san oideachas agus sa chúram luath-óige, agus oiriúnú don athrú aeráide, caomhnú acmhainní nádúrtha agus an creat um an ngeilleagar ciorclach.

(26) Athruithe reachtacha a rinneadh le déanaí, go háirithe na leasuithe a rinneadh ar an gCód Cóiriúil agus díchóimeáil Oifig an Ionchúisitheora Speisialta, is cúis mhór imní iad maidir le neamhspleáchas agus iontaofacht an chórais ceartais agus forfheidhmithe dlí sa tSlóvaic. Gan choimircí iomchuí, tá baol ann go ndéanfar acmhainneacht an chórais ceartais agus éifeachtúlacht an troid in aghaidh an éillithe, lena n-áirítear cásanna ardleibhéil éillithe agus calaoise a dhíspreagadh, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, a lagú. Tá sé beartaithe na póilíní a bhfuil saineolas acu maidir dul i ngleic leis an éilliú (NAKA) a atheagrú, rud a d'fhéadfadh tuilleadh tionchair a imirt ar an staid. Thairis sin, dífhostaíodh roinnt comhaltaí den Chomhairle Bhreithiúnach sula raibh deireadh lena gcuid téarmaí oifige, agus tá easpa coimircí ann chun neamhspleáchas na Comhairle Breithiúnaí a áirithiú; is cúis imní iad sin. Tá baol ann go gcuirfidh na forbairtí sin isteach ar thimpeallacht ghnó agus rialála na Slóvaice, agus dá bhrí sin ar a hiomaíochas.

(27) Cuireann córas rialachais ilroinnte na Slóvaice agus an comhordú lag idir na leibhéil éagsúla den riarachán poiblí bac ar an timpeallacht ghnó agus, go háirithe, ar chumas na tíre beartais agus tionscadail infheistíochta a chur chun feidhme go héifeachtach. Thairis sin, tá soláthar seirbhísí poiblí ar ardchaighdeán agus neamhspleáchas airgeadais na rialtas áitiúil agus réigiúnach an-lag ar an iomlán. Mar thoradh air sin, agus úsáid leanúnach nósanna imeachta reachtaíochta meara, tá easpa intuarthachta sa chreat rialála. San am céanna, cé go bhfuil sé d'aidhm ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta nós imeachta soláthair phoiblí sa tSlóvaic a shimpliú, tá dúshláin fós ann maidir leis an easpa trédhearcachta agus iomaíochta sa soláthar poiblí. Léirítear an méid sin leis an bhfíoras gur bronnadh 33 % de chonarthaí soláthair phoiblí ar thairgeoirí aonair in 2023. Mar thoradh ar na dúshláin sin, ní bhaintear úsáid as an soláthar poiblí go leordhóthanach ná go straitéiseach chun cuspóirí beartais tábhachtacha a chur chun cinn, rud a chuireann bac ar an dul chun cinn i dtreo an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus a choinníonn siar cumas na Slóvaice a hacmhainn eacnamaíoch a fheabhsú. Le hathruithe nua ar an gcreat um sholáthar poiblí agus reachtaíocht nua maidir le hinfheistíochtaí straitéiseacha a moladh le déanaí, d'fhéadfaí tuilleadh bacainní a chur roimh an trédhearcacht agus iomaíocht sa soláthar poiblí agus coimircí iomchuí laghdaithe riosca, go háirithe le haghaidh infheistíochtaí mórscála.

(28) Tá cion sách ard de scoláirí óga na Slóvaice faoi bhun na n-íosleibhéal inniúlachta i mbunscileanna matamaitice, léitheoireachta agus eolaíochta. De réir suirbhé Chlár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta, tá an tSlóvaic i measc na dtíortha is measa feidhmíochta ó thaobh bunscileanna de; tá níos mó ná 30 % de scoláirí ag tearcfheidhmiú sa mhatamaitic agus sa léitheoireacht agus tá laghdú tagtha ar líon na scoláirí barrfheidhmíochta, rud a chuireann bac ar acmhainneacht nuálaíochta agus iomaíocht fhadtéarmach na tíre. Léirítear leis na torthaí sin freisin go bhfuil bearna mhór gnóthachtála ann do scoláirí a mbaineann cúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste leo, lena n-áirítear scoláirí i bpobail Romacha imeallaithe, agus nach n-éiríonn le 62,6 % díobh bunscileanna matamaitice a bhaint amach. Tá an méid sin ag teacht le héagothromaíochtaí níos leithne i gcóras oideachais na Slóvaice. Tá go leor bearta a bhaineann le réimse an oideachais i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice, ach níl an plean spriocdhírithe go leordhóthanach chun líon na leanaí a bhfuil bunscileanna acu a ardú. Thairbheodh oideachas agus oiliúint gairmithe múinteoireachta de thuilleadh béime a chur ar thacaíocht a chur ar fáil chun bunscileanna a fhorbairt i measc scoláirí. Ina theannta sin, níl gairm na múinteoireachta tarraingteach go leor chun dul in ngleic leis an easpa múinteoirí cáilithe agus tá deiseanna ann cáilíocht an oideachais agus oiliúna a thugtar do mhúinteoirí a fheabhsú agus líon na gcúntóirí teagaisc a mhéadú, mar aon le deiseanna piarfhoghlama agus piarmheantóireachta. Thairis sin, tá deis ollmhór ann líon na leanaí atá cláraithe san oideachas agus cúram luath-óige (ECEC) a mhéadú trí thuilleadh áiteanna ECEC a chur ar fáil agus a n-úsáid a dhreasachtú do thuismitheoirí. Cé go dtacaítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Slóvaice an ráta clárúcháin leanaí ó 3 bliana d'aois ar aghaidh a mhéadú, de réir shonraí Eurostat ([21]) ní raibh ach 1 % de leanaí faoi 3 bliana d'aois páirteach in ECEC in 2023, arb é an ráta clárúcháin is ísle san Aontas. Trí rannpháirtíocht in ECEC a mhéadú, cuidítear le leanaí scileanna a fhoghlaim níos déanaí sa saol, laghdaítear luathfhágáil scoile, agus cothaítear rannpháirtíocht tuismitheoirí, go háirithe mná, sa mhargadh saothair.

([21]) Suirbhé EU SILC.

(29) Meastar go dtiocfaidh laghdú mór ar ghlanaistrithe carbóin na Slóvaice in earnáil na húsáide talún, an athraithe ar úsáid talún agus na foraoiseachta, rud a thugann le fios nach n-éireoidh leis an tír a sprioc de - 6 821 kt de choibhéis CO_2 faoi 2030 a bhaint amach faoi Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]). Tá an méid sin fite fuaite le measúnú riosca aeráide neamhleordhóthanach na Slóvaice, agus dúshláin a bhaineann le faisnéis ar riosca aeráide a thiontú isteach i réitigh phraiticiúla. Chun an treocht sin a aisiompú sna blianta amach romhainn, beidh sé tábhachtach bearta oiriúnaithe don athrú aeráide a chur chun cinn, lena n-áirítear réitigh dhúlrabhunaithe, agus iad a chomhtháthú i mbeartais náisiúnta ábhartha chun criosú na limistéar nádúrtha faoi chosaint a chríochnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chur chun cinn. San am céanna, tá gá le tuilleadh gníomhaíocht beartais chun dlús a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach. Tá baol ann nach n-éireoidh leis an tSlóvaic a sprioc do 2025 maidir le dramhaíl sholadach chathrach a bhaint amach, ós rud é, in 2020, go raibh sí 19,2 pointe céatadáin faoi sprioc 2025 de 55 %, agus nach n-éireoidh léi a sprioc maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a bhaint amach ach oiread, ós rud é, in 2020, go raibh sí 5,3 pointe céatadáin faoi bhun sprioc 2025 de 65 % ([23]). Bhainfeadh an tSlóvaic leas as bainistiú níos fearr ar an dramhaíl acmhainní chun cosc a chur ar líonadh talún agus chun athúsáid dramhaíola ó phacáistíocht agus cathrach a fheabhsú, agus as úsáid as a bhaint as ábhar ciorclach sa tionscal agus foirgníocht.

(30) I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a ranníocaíocht choiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, in 2024, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun an Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme. I gcás na Slóvaice, cuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) leis an gcéad mholadh, an dara moladh, an tríú moladh, an ceathrú moladh agus an cúigiú moladh a chur chun feidhme, a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro.

(31) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúide maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1) agus (3). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann leis an margadh tithíochta, le hardfhiachas teaghlaigh agus leis an staid sheachtrach. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (3) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hiomaíocht costais. Cuidíonn moltaí (1) agus (3) ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus ó thaobh na moltaí a leagtar amach i Moladh 2024 maidir leis an limistéar euro a chur chun feidhme, i gcomhréir le haithris 30,

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfaidh an tSlóvaic gníomhaíocht in 2024 agus in 2025 chun:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a thíolacadh go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás ar ghlanchaiteachas ([24]) in 2025 go ráta atá comhsheasmhach, *inter alia*, leis an easnamh rialtais ghinearálta a laghdú i dtreo luach tagartha an Chonartha de 3 % de OTI, agus an fiachas rialtais ghinearálta a choinneáil ar leibhéal stuama sa mheántéarma. An meascán cánach a dhéanamh níos éifeachtaí, lena n-áirítear trí dhídhreasachtaí i dtaca leis an margadh saothair a laghdú, agus úsáid níos fearr a bhaint as chánachas comhshaoil agus cánachas réadmhaoine athfhillteach. Bearta chostasacha caiteachais a laghdú, lena n-áirítear trí athbhreithnithe caiteachais a chur chun feidhme. Leanúint de chomhlíonadh cánach a neartú, lena n-áirítear tríd an riarachán cánach a dhigitiú a thuilleadh. Rioscaí a bhaineann le fiachas teaghlaigh a laghdú trí thacú leis an soláthar tithíochta agus leathnú an mhargaidh cíosa.

2. Rialachas éifeachtach a áirithiú, acmhainneacht riaracháin a neartú chun cistí an Aontais a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ábhartha chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, lena n-áiritheofar go dtabharfar na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme na gclár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe mheántéarma ar na cláir sin, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, gníomhú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na riachtanais infheistíochta i ndáil le húsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha, agus na deiseanna a chuireann tionscnamh an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas á gcur san áireamh an tráth céanna.

([22]) Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/oj).

([23]) EEA agus ETC/CE (2022). Early Warning Assessment Related to the 2025 Targets for Municipal and Packaging Waste [Measúnú Luathrabhaidh a Bhaineann le Spriocanna 2025 le haghaidh Dramhaíl Chathrach agus Dramhaíl ó Phacáistíocht] (https://www.eea.europa.eu/publications/country-profiles-early-warning-assessments)

([24]) De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

3. Éifeachtúlacht, neamhspleáchas agus iontaofacht an chórais breithiúnaigh agus frith-éillithe a neartú, lena n-áirítear trína áirithiú go bhfuil coimircí leordhóthanacha ann chun cásanna ardleibhéil éillithe a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach. Iomaíocht agus táirgiúlacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí thrédhearcacht agus iomaíochas a áirithiú i bpróisis soláthair phoiblí, chun dea-rialachas a chur chun cinn agus chun éifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a fheabhsú. Múineadh bunscileanna a neartú, lena n-áirítear do leanaí a mbaineann cúlra faoi mhíbhuntáiste leo, amhail leanaí ó phobail Romacha imeallaithe, agus infhaighteacht agus úsáid oideachais agus cúraim luath-óige do leanaí faoi 3 bliana d'aois a mhéadú. Bainistiú dramhaíola acmhainní agus athúsáid dramhaíola ó phacáistíocht agus cathrach a neartú, agus caomhnú acmhainní nádúrtha a fheabhsú trí réiteach dúlrabhunaithe a chur chun cinn agus criosú na limistéar nádúrtha faoi chosaint a chríochnú.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 21 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

NAGY I.